Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta & an Léinn Cheiltigh

College of Arts, Social Sciences & Celtic Studies

Léann an Aistriúcháin



Ollscoil naGaillimhe.ie

Forléargas ar an gCúrsa

Ábhar roghnach ar an gCéim BA Onóracha Dhá Ábhar (GY101) is ea Léann an Aistriúcháin, a bhíonn á theagasc go hiomlán trí mheán na Gaeilge agus a mhaireann ar feadh trí bliana. Cabhróidh an t-ábhar céime seo leat forbairt a dhéanamh mar dhuine atá in ann machnamh go criticiúil agus grinnanailís a dhéanamh ar réimse leathan ábhar. Ina theannta sin, má roghnaíonn tú Léann an Aistriúcháin, bainfidh tú sult agus taitneamh as an meascán tomhaiste den staidéar acadúil agus den oiliúint phraiticiúil a gheobhaidh tú san aistriúchán agus i gcruinnscríobh na Gaeilge.

Dhá rogha foghlama

Más spéis leat céim i réimse an aistriúcháin tá dhá rogha agat: staidéar a dhéanamh ar Léann an Aistriúcháin mar ábhar roghnach sa BA Onóracha Dhá Ábhar (GY101) in imeacht trí bliana, nó an BA (Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin) a bhaint amach in imeacht ceithre bliana, le bliain taithí oibre sa tríú bliain. Ag brath ar do chuid torthaí sa Chéad Bhliain agus do chuid pointí CAO, beidh deis agat aistriú sa Dara Bliain go dtí an chéim ainmnithe BA (Gaeilge agus Léann an Aistriúcháin), má thograíonn tú é. An buntáiste a bhaineann leis an gcur chuige solúbtha seo ná nach gá duit d'intinn a shocrú ar fad go dtí go mbeidh an Chéad Bhliain curtha i gcrích agat. Má roghnaíonn tú Léann an Aistriúcháin mar ábhar, beidh teacht agat ar a lán ábhar eile; ina measc siúd tá Gaeilge, Béarla, Eacnamaíocht, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Léann na Cumarsáide, Matamaitic, Spáinnis, Stair agus Tíreolaíocht. Beidh trí ábhar le roghnú agat sa Chéad Bhliain agus leanfaidh tú ar aghaidh le dhá ábhar onóracha don chéim.

Imlíne an Ábhair

Bliain a hAon

- Gnéithe den Aistriúchán
- Bunscileanna Gramadaí
- Bunscileanna Aistriúcháin

Bliain a Dó

- Gramadach agus Litriú na Gaeilge I
- Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna I
- Stair an Aistriúcháin in Éirinn
- Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna II
- Cruinneas agus Saibhriú Teanga
- Téarmeolaíocht

Bliain a Trí

- Gramadach and Litriú na Gaeilge II
- Tionscadal Aistriúcháin
- Gnó an Aistriúcháin / Fotheidealú
- Aistriúchán Feidhmeach Téacsanna III
- Eagarthóireacht agus Léamh Profaí

Tuilleadh Eolais:

Ateangaistriu@universityofgalway.ie

https://acadamh.ie/acadamh/cursai/cursai_ceime/leann_aistriuchain/